Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## Aonad 2

# Conas a Dhéantar Cánacha

## Plean Ceachta



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## 1.0 Toradh Foghlama

Tuiscint a fháil ar an gcaoi a dtugtar cánacha isteach i ndlí na hÉireann agus ar cé na páirtithe leasmhara a imríonn tionchar ar a bhfoirmiú.

## 2.0 Spriocanna Foghlama

Ag deireadh an cheachta seo, beidh mé in ann:

| | |
|---|---|
| **1.** | An difríocht idir cáin Pheaca agus cáin Pigou a mhíniú |
| **2.** | Rangú a dhéanamh ar chánacha mar chánacha Peacaí nó Pigou |
| **3.** | Idirdhealú a dhéanamh idir cánacha díreacha agus indíreacha |
| **4.** | Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtugtar cánacha isteach i ndlí na hÉireann |
| **5.** | Ainm a chur ar na páirtithe leasmhara a mbíonn tionchar acu ar dhlí cánach na hÉireann, agus a mhúnlaíonn é |

## 3.0 Fad ama

2 x rang uair an chloig

## 4.0 Naisc

### Naisc Tuisceana

Cáin Pheacaí, Cáin Pigou, Cáin ar Dheochanna Siúcra-Mhilsithe (CDSM), Cáin ar Tháirgí Alcóil, Cáin ar Tháirgí Tobac, Cáin Ola Mianraí, Cáin Ghealltóireachta, Tobhach ar Mhálaí Plaisteacha, Oireachtas, Dáil Éireann, Seanad Éireann, Taoiseach, Tánaiste, Páirtithe Leasmhara, Céimeanna de Bhille

### Naisc Uimhearthachta

Rátaí cánach, dátaí

### Naisc Traschuraclaim

Gnó, Ríomheolaíocht, Eacnamaíocht, Staidéar Dlí, an Pholaitíocht agus an tSochaí

### Scileanna Idirbhliana

A bheith éifeachtach go pearsanta, Cumarsáid, Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, Próiseáil faisnéise, Obair le daoine eile

# 5.0 Acmhainní

Is iad seo thíos na hacmhainní atá ag teastáil don cheacht seo:

| | |
|---|---|
| **1.** | Clár bán, teilgeoir, ríomhaire pearsanta / ríomhaire glúine le nasc idirlín |
| **2.** | Plean Ceachta |
| **3.** | Cur i láthair PowerPoint |
| **4.** | Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí |
| **5.** | Bileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí & Freagraí |
| **6.** | Dialann Foghlama Scoláire |

# 6.0 Réamhrá Ceachta

Tugann múinteoirí breac-chuntas gairid ar na spriocanna foghlama ar **shleamhnán PowerPoint 2** agus taispeánann siad na hábhair atá le clúdach le linn an aonaid do na scoláirí. Dáileann múinteoirí cóip de **Aonad 2: Bileoga Oibre (1 & 2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí** ar gach scoláire.

## 6.1 Dul Siar ar an gCeacht roimhe seo

### Gníomhaíocht 1

Taispeánann múinteoirí **sleamhnán PowerPoint 3** do na scoláirí, léiríonn siad **gníomhaíocht dul siar** atá le déanamh ag na **scoláirí** ina n-aonar. Déantar an ghníomhaíocht seo ar **Aonad 2: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 1, a cheartaítear** ansin mar ghníomhaíocht **ranga uile**.

**Freagraí**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| Bréagach | Fíor | Bréagach | Fíor | Bréagach |

# 7.0 Cánacha Peacaí agus Cánacha Pigou

## 7.1 Cánacha Peacaí

Ar **shleamhnán PowerPoint 5**, míníonn an múinteoir an coincheap maidir le **cánacha Peacaí** agus an fáth a n-úsáidtear iad i gcóras cánach.

### Gníomhaíocht 2

Roinn an rang ina **cheithre ghrúpa** ina bhfuil **2 - 4 scoláire**. **Tabhair ábhar amháin/ nó gach ábhar** ón liosta seo do **gach grúpa**: alcól, olaí mianracha, táirgí tobac agus gealltóireacht. Pléann na scoláirí conas is féidir le gach ceann de **na gníomhaíochtaí seo dochar a dhéanamh don tsochaí** agus ansin **déanann siad taifead** ar a gcuid **moltaí** maidir le **Aonad 2: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 2**.

D'fhéadfadh na nithe seo thíos a bheith san áireamh **sna freagraí a d'fhéadfadh na scoláirí a thabhairt**:

| Grúpaí | Ábhar 1 | Ábhar 2 | Ábhar 3 |
|---|---|---|---|
| **Alcól** | D'fhéadfadh daoine éirí tinn má ólann siad barraíocht, rud a mhéadaíonn costais don Roinn Sláinte | D'fhéadfadh costais níos mó a bheith ann don Roinn Dlí agus Cirt mar thoradh ar eachtraí a bhaineann le halcól agus coireanna | Má ólann daoine barraíocht cuirfidh sin isteach ar cé chomh maith agus a oibríonn siad agus ar an méid oibre is féidir leo a dhéanamh san ionad oibre |
| **Tobac** | D'fhéadfadh daoine éirí tinn má chaitheann siad barraíocht, rud a mhéadaíonn costais don Roinn Sláinte | Bíonn cuma ghránna ar áiteanna ina bhfuil bruscar ó tháirgí tobac agus bíonn costais ghlantacháin níos airde ann d'údaráis áitiúla dá réir | Ní maith do bhaill teaghlaigh ná don phobal a bheith san áit chéanna ina bhfuil daoine ag caitheamh toitíní mar gheall ar cheimiceáin bhaolacha atá sa toit |
| **Olaí mianracha** | Cruthaíonn na holaí astaíochtaí díobhálacha m.sh. $CO_2$, $NO_2$, rud a chuireann le téamh domhanda | Mar thoradh ar eastóscadh olaí mianracha, a bpróiseáil agus a n-iompar, seans go mbeidh damáiste agus caillteanas gnáthóige do phlandaí agus d'fhiadhúlra | D'fhéadfadh saol fostaithe a bheith i mbaol mar gheall ar sceitheadh ola agus gáis sa tionscal |
| **Gealltóireacht/ Cearrbhachas** | Má éiríonn daoine tugtha don chearrbhachas, seans go gcuirfidh seo le costais don Roinn Sláinte | Má dhéanann daoine barraíocht gealltóireachta cuirfidh sin isteach ar cé chomh maith agus a oibríonn siad agus ar an méid oibre is féidir leo a dhéanamh san ionad oibre | Seans go mbeidh deacrachtaí airgeadais ag andúiligh chearrbhachais agus go gcuirfidh siad deireadh le caidrimh phearsanta |

Cuireann na **scoláirí aiseolas** ar fáil don mhúinteoir ar an ábhar, agus déanann an múinteoir taifead air seo ar an **gclár bán**, ag baint úsáid as an **teimpléad** ó **shleamhnán PowerPoint 6**.

Ar **shleamhnán PowerPoint 7** agus **8** taispeánann an múinteoir **samplaí do scoláirí de chánacha Peacaí** in Éirinn agus míníonn sé/sí conas a úsáidtear **an t-ioncam a bhailítear** ó na cánacha seo **le haghaidh caiteachas ginearálta rialtais**, m.sh. sláinte agus oideachas.

## 7.2 Cánacha Pigou

Míníonn an múinteoir **coincheap na gcánacha Pigou** ar **shleamhnán PowerPoint 8** agus tugtar breac-chuntas ar an gcaoi a n-úsáidtear **an t-ioncam a bhailítear** ó na cánacha seo chun **tionscadail ar leith a mhaoiniú**, mar atá léirithe ar **shleamhnán PowerPoint 9**. Agus mar shampla de cháin Pigou, is féidir leis an múinteoir tabhairt isteach an **tobhaigh ar Mhálaí Plaisteacha** a mhíniú ar **shleamhnán PowerPoint 10**.

## 7.3 Aithin na cánacha Peacaí agus Pigou

### Gníomhaíocht 3

Breathnaíonn na scoláirí ar **shleamhnán PowerPoint 11** agus aithníonn siad na cánacha Peacaí agus na cánacha Pigou. Is féidir taifead a dhéanamh ar na freagraí ar an **mBileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 3**.

**Tasc Breise**

### 7.3.1 An Bille um Gheilleagar Ciorclach [Tobhach ar Chupáin Chaife]

### Gníomhaíocht 4

Tugadh an Bille um Gheilleagar Ciorclach isteach i Márta 2022 agus tá sé beartaithe sa bhille tobhach a thabhairt isteach ar chupáin chaife aon úsáide. Ba chóir do **scoláirí** an **ghrafaic faisnéise** ar **shleamhnán PowerPoint 12 a scrúdú**. Ba cheart dóibh **ceann de na páirtithe leasmhara a roghnú** ar **shleamhnán PowerPoint 13** ansin agus **píosa beag a scríobh faoin gcúis** a n-aontaíonn nó nach n-aontaíonn siad le tabhairt isteach an **tobhaigh**. Is féidir spás scríbhneoireachta don mhír seo a fháil ar **Bhileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 4**.

# 8.0 Rialtas na hÉireann

Ag baint úsáid as na ceisteanna ar **shleamhnán PowerPoint 14**, iarrann an múinteoir ar scoláirí a gcuid eolais ar **Rialtas na hÉireann** a thabhairt chun cuimhne. Ar **shleamhnáin PowerPoint 15 - 20**, tugann an múinteoir míniú ar bhunú agus ar fheidhm **Dháil Éireann** agus **Sheanad Éireann** araon. Tugtar míniú gairid freisin ar **shleamhnán PowerPoint 21** faoin gcaoi a dtugtar cánacha isteach i **reachtaíocht na hÉireann**.

# 9.0 Páirtithe Leasmhara a mbíonn Tionchar acu ar Dhlíthe Cánach in Éirinn

Ar **shleamhnán PowerPoint 22**, tugann an **múinteoir** breac-chuntas ar **na grúpaí a mbíonn tionchar acu ar dhlíthe cánach in Éirinn**. Is féidir **ceist a chur** ar na **scoláirí** faoin tuiscint atá acu ar na páirtithe leasmhara a thaispeántar, m.sh. an Roinn Airgeadais agus an tAontas Eorpach. Sa bhreis air sin, d'fhéadfadh an múinteoir **aird a tharraingt** ar roinnt **páirtithe leasmhara** nach n-aithneodh na scoláirí **chun tuilleadh eolais a chur ar fáil**, m.sh. **grúpaí sainleasa** ar nós Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), Comhdháil na gCeardchumann (ICTU), Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA), agus Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF). D'fhéadfaí súil níos géire a chaitheamh ar an **gcomhairliúchán poiblí maidir le reifreann ar thithíocht** in Éirinn nó ar **fhoilseacháin chánach** ón **ECFE** (an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta).

# 10.0 Céimeanna de Bhille

Ar **shleamhnáin PowerPoint 23 - 26**, tugann an **múinteoir breac-chuntas** ar an **bpróiseas** a úsáidtear chun **dlíthe a dhéanamh in Éirinn** agus míníonn sé/sí na **céimeanna** a theastaíonn le haghaidh **Bille** (dréacht den reachtaíocht mholta) a achtú ina dhlí. Chun **cánacha nua** a thabhairt isteach nó cáin reatha a leasú, cuireann an múinteoir **béim** ar an bpointe gur gá **Billí** a chur faoi bhráid **Thithe an Oireachtais** sula gcuirtear chuig **Uachtarán na hÉireann** iad le síniú agus **a achtú ina ndlíthe**.

Ar **shleamhnán PowerPoint 26**, tá nasc ann do **bheochan PowToon** ar **chéimeanna de Bhille**, is féidir seo a thaispeáint do na scoláirí.

### Gníomhaíocht 6

Ar **Bhileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 6** déanann na **scoláirí** taifead ar **chéimeanna de Bhille** san ord ceart agus is féidir iad a cheartú mar ghníomhaíocht ranga uile ag baint úsáid as **sleamhnán PowerPoint 27**.

## 10.1 Díospóireacht maidir le Cáin ar Thithe Folmha

### Gníomhaíocht 7

Roinntear scoláirí ina ngrúpaí chun pointí díospóireachta a ullmhú faoin rún 'Ba chóir cáin a ghearradh ar gach teach folamh in Éirinn'. As na grúpaí seo, tugtar treoir do scoláirí argóint a dhéanamh i bhfabhar an rúin nó ina choinne. Is féidir le scoláirí taifead a dhéanamh ar a gcuid argóintí agus fíricí tacaíochta ar an teimpléad atá curtha ar fáil ar **Bhileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 7**.

## 10.2 Seasamh a Ghlacadh

### Gníomhaíocht 8

**Chun dul siar**, cuireann an múinteoir dhá chomhartha ar gach aon taobh den seomra ranga [Seasamh a Ghlacadh - Gníomhaíocht PPT], comhartha amháin leis an bhfrása 'Aontaím go Láidir' agus an comhartha eile leis an bhfrása 'Easaontaím go Láidir'. Seasann na scoláirí i líne sa seomra ranga agus de réir mar a ghlaonn an múinteoir amach gach ráiteas, ba chóir dóibh bogadh go dtí an taobh den seomra is fearr a oireann dá dtuairim faoin ráiteas. Is féidir fiafraí de na scoláirí cén fáth ar ghlac siad an seasamh sin i dtaobh an ráitis.

# 11.0 Gníomhaíocht - Dul Siar

Chun breathnú siar ar an méid a clúdaíodh i Aonaid 2, críochnaíonn scoláirí **Bileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí**, ina n-aonar.

# 12.0 Dialann Foghlaimeora

Dáileann an múinteoir **teimpléad den dialann foghlama** agus **críochnaíonn scoláirí** an dialann foghlama a bhaineann leis an aonad seo.